




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéimeanna Seandálaíochta agus Faoisimh Tuilte: Treoirlínte

Aguisín: Teimpléid Tuarascálacha Seandálaíochta



Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Íomhá Chlúdaigh:

Caisleán Dheasmhumhan, Áth Dara, Contae Luimnigh, atá suite ar bhuach thuaidh Abhainn na Máighe díreach os cionn dhroichead Áth Dara (©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann).

Clár Ábhair

Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn	4
Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Seandálaíochta faoi Uisce	5
Tochailtí Trialacha Seandálaíochta agus Tuarascálacha Monatóireachta Seandálaíochta	8
Tuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte	11
Tuarascálacha Tochailte Deiridh	14
Riachtanais Scaipthe	17

Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn

Iarrann SSN tuarascáil ar an dul chun cinn seandálaíochta go ginearálta mar chuid den mhaolú seandálaíochta do SCT, go háirithe agus monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha dreidireachta/oibreacha ar olltochailtí ar bun. Thar ceann an Údaráis Chonarthaigh, cinnteoidh an ST go gcuirfear an riachtanas seo i bhfeidhm agus cuirfear gach Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn den sórt sin (arna scríobh ag an Sainchomhairleoir Seandálaíochta agus arna n-athbhreithniú ag an ST) faoi bhráid an SSN (agus AMÉ, de réir mar is gá) tríd an ST.

Ullmhóidh an Conraitheoir Seandálaíochta Tuarascálacha Seachtainiúla ar Dhul Chun Cinn ar feadh thréimhse an chonartha lena gcur faoi bhráid an Údaráis Chonarthaigh (lena n-athbhreithniú ag an ST) lena dtuairimí agus lena mbreithniú agus sula gcuirfear faoi bhráid an SSN iad.

Sonrófar sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na gníomhaíochtaí seandálaíochta don tréimhse chomhaontaithe, lena n-áirítear aon obair tumadóireachta a rinneadh, monatóireacht ar dhreideáil, agus measúnú ar gach cartadh dreideáilte. Cuirfidh an ST ábhar na Tuarascála Seandálaíochta in iúl, ach táthar ag súil go n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:

- Cuntas achomair ar na hoibreacha idir lámha do gach réimse áirithe, a chuireann béim ar leith ar oibreacha a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo.
- Sonraí faoi aon fhionnachtana seandálaíochta nó raon réad seandálaíochta a thángthas orthu.
- Léarscáil suímh a thaispeánann na háiteanna ina ndearnadh an obair.
- Íomhánna fótagrafacha ábhartha mar thaca le sonraí na n-oibreacha agus na n-éadálacha seandálaíochta.
- Achoimre ar na ceadúnais agus ar na sealbhóirí ceadúnais chun gach obair a chlúdach agus sonraí faoi athruithe ar bith.
- Achoimre ar chomhlíontacht leis na riachtanais ceadúnaithe seandálaíochta agus na Ráitís Mhodha a ghabhann leo.
- Sonraí faoi aon athrú pearsanra seandálaíochta, go háirithe má bhaineann sé le speisialtóirí a theastaíonn le haghaidh gnéithe áirithe den obair (amhail monatóireacht a dhéanamh ar oibreacha dreidireachta nó obair tumadóireachta).
- Sonraí faoi neamhchomhlíonadh an Ráitís Mhodha cheadaithe nó ceanglais chonartha eile, nó faoi aon saincheisteanna a thagann chun cinn ina leith seo.
- Moltaí chun cleachtais oibre tógála a fheabhsú, an sceideal d'obair atá le déanamh san áireamh.
- Sonrú faoi bhearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm.
- Taifead ar Chruinnithe a tionóladh leis an Údarás Conarthach, ST, SSN agus AMÉ.
- Moltaí d'oibreacha ar leith atá ar na bacáin agus riachtanais seandálaíochta ghaolmhara.

Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Seandálaíochta faoi Uisce

Más rud é, le linn chlár na n-oibreacha ag céimeanna an dearaidh luath, nó mar ghné den phróiseas MTT nó mar chéimeanna eile de chlár na n-oibreacha, gur gá tabhairt faoi shuirbhé agus measúnú faoi uisce, ba cheart gurb é seo a leanas an fhormaid do Thuarascáil UAIA.

Ábhar riachtanach don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair faoi Uisce

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
1. Leathanach teidil	<ul style="list-style-type: none"> - Ainm an tionscadail. - Uimhir cheadúnais tumadóireachta seandálaíochta, nó Uimhir aitheanta toilithe ábhartha. - Uimhir Cheadúnais Feiste Braite, nó Uimhir aitheanta toilithe ábhartha. - Ainmneacha na mbailte fearainn. - Suíomh/cineálacha gné. - ITM/Cairt Aimiréalachta tagairtí/Tagairtí Domhanleithid agus Fadaimseartha. - Sealbhóir an Cheadúnais Seandálaíochta/Stiúrthóir/Seandálaí faoi Uisce. Seandálaí. - Údair na tuarascála. - Stádas na tuarascála (dréacht/deireadh) - Dáta eisithe.
2. Clár Ábhair	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta na n-ábhar. - Liosta na léaráidí.
3. Achoimre	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre neamhtheicniúil atá níos lú ná 1,000 focal.
4. Nótaí Buíochais	<ul style="list-style-type: none"> - Mar is cuí.
5. Réamhrá	<p>- Achoimre ghairid ar an scéim. Cuirfidh an tuarascáil na limistéir a ndearnadh suirbhéireacht orthu i gcomhthéacs leathan tírdhreacha agus cuimseoidh sí nádúr, méid, suntas agus úsáid le himeacht ama, gach dobharlach san áireamh. Sonraí tíreolaíochta agus timpeallacht ghinearálta, lena n-áirítear topagrafaíocht nádúrtha, geolaíocht agus hidreolaíocht an láithreáin agus an cheantair mháguaird, le leithead, doimhneacht, sreabhthreo agus ráta sreafa srutha, infheictheacht agus airde bhruacha an chúrsa uisce san áireamh.</p> <p>Déanfaidh sé cur síos freisin ar chomhthéacs an tírdhreacha láithreach seandálaíochta agus cultúrtha (trastíre agus faoi uisce) de phurláin an limistéir suirbhé/mheasúnaithe lena n-áirítear bealaí, uiscebhealaí, talamh úsáid uisce, réada agus séadchomharthaí seandálaíochta, báid bhriste stairiúla, nó foirgnimh stairiúla agus tírdhreacha deartha sa cheantar máguaird.</p>
6. Cur síos ar an láithreán	<ul style="list-style-type: none"> - Suíomh, foirm, toisí agus cineál an láithreáin/na gné. - Cosaintí agus riachtanais reachtúla (reachtaíocht a bhaineann le Cosaint Oidhreachta faoi Uisce san áireamh, m.sh. Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1987 agus 1994; An Coinbhinsiún maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce de chuid UNESCO. - Staidéar deisce: cúlra stairiúil agus seandálaíochta agus comhthéacs taighde an láithreáin/an cheantair; faisnéis ón WIID (i gcás inarb ábhartha); comhaid thopagrafacha de chuid AMÉ; foinsí ábhartha stairiúla agus seandálaíochta, foinsí cartagrafacha, foinsí irise agus foinsí áitiúla. - Achoimre ar aon obair seandálaíochta ábhartha a rinneadh roimhe (seandálaíocht faoi uisce san áireamh) nó aon suirbhé geoifisiceach ábhartha (geoifisic mhuirí san áireamh) a rinneadh chun críche na seandálaíochta. - Airde, doimhneacht, treoíocht, úsáid talún/uisce agus fásra an láithreáin.

Ábhar riachtanach don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair faoi Uisce ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
7. Ráiteas Modha	<ul style="list-style-type: none"> - Aidhmeanna. - Modhanna iniúchta agus suirbhé tumadóireachta don tumadóireacht agus don bhrathadóireacht miotail; tá modheolaíocht gheoshuimh le cur san áireamh do gach gné aitheanta ar thángthas orthu. - Ionchuir agus/nó comhairliúcháin speisialtóirí más ábhartha. - Coinníollacha (mar shampla aimsir, coinníollacha farraige/aibhneacha, fásra agus úsáid uisce). - An chúis ar roghnaíodh modh suirbhéireachta topagrafaí amháin nó níos mó.
8. Torthaí	<ul style="list-style-type: none"> - Taifead iomlán ar gach seandálaíocht nó seandálaíocht fhéideartha a aithníodh, lena n-áirítear suíomh, gnéithe, léirmhíniú agus tábhacht na ngnéithe, báid bhriste, ábhar báid bhriste nó réada seandálaíochta a aimsíodh, agus gnéithe, báid bhriste, ábhair báid bhriste nó réada seandálaíochta ceangailte/gaolmhara. - Suirbhé topagrafach ar an limistéar a ndearnadh measúnacht air. - Radharc táblach de gach gné, báid bhriste, ábhar báid bhriste agus/nó réad seandálaíochta a aithníodh in éineacht leis na suímh ghaolmhara. Ba chóir sonraí faoi na suímh a thabhairt i bhfoirm sonraí geoshuite i nDomhanfhad agus Domhanleithéad (Córas Geodasach Domhanda (WGS1984)) agus/nó i gcóras comhordanáideach TMÉ, ag brath ar shuíomh an láithreáin a bhfuil measúnacht á déanamh air.
9. Catalóg na Réad	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil ginearálta d'aon réada seandálaíochta iniompartha, do chaighdeáin AMÉ, lena n-áirítear iad siúd a aisghabhtar ar mhaithe lena sábháilteacht, eadhon, toisí, fabraic, cineál agus riocht gach réada, agus ráitis ábhartha eile (amhail riachtanais chaomhnaithe).
10. Plé	<ul style="list-style-type: none"> - Plé léirmhínitheach ar thorthaí an MTSU – a chuireann léirmhínithe féideartha eile san áireamh más cuí; a chuireann eolas stairiúil san áireamh, má tá sé ar fáil; agus a chuireann na torthaí i gcomparáid le láithreáin seandálaíochta chomhchosúla nó ghaolmhara.
11. Tábhacht	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas ar thábhacht choibhneasta (Ard, Meánach, Íseal) an láithreáin/an cheantair agus aon ghnéithe seandálaíochta, báid bhriste, ábhar báid bhriste nó réada seandálaíochta aitheanta (a fhanann in situ, amhail ancairí).
12. Tionchair	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas mionsonraithe ar thionchair (díreach nó indíreach) na forbartha beartaithe ar ghnéithe seandálaíochta, báid bhriste, ábhar báid bhriste nó réada seandálaíochta (a fhanann in situ, amhail ancairí) a thuairiscítear sa Tuarascáil; is féidir go mbainfeadh tionchair indíreacha le hathruithe i hidreolaíocht mar thoradh ar na hoibreacha atá beartaithe; tionchair ó thonnchreathanna ó na hoibreacha; nó bogadh gléasra agus innealra. - Ba cheart tionchair dhíreacha agus indíreacha araon a mheas, agus ba cheart Éifeachtaí larmharacha na forbartha a chur san áireamh freisin.
13. Moltaí	<ul style="list-style-type: none"> - Bearta maolaithe molta chun na tionchair ar oidhreacht chultúrtha aithníd agus féideartha a chealú nó a laghdú a oiread agus is féidir, bunaithe ar thorthaí MTSU.
14. Leabharliosta	<ul style="list-style-type: none"> - Tagairtí do gach léarscáil/cairt, nó do gach téacs foilsithe/lámhscríbhíne nó atá i gcló ar tagraíodh dóibh sa tuarascáil.
15. Léaráidí	<ul style="list-style-type: none"> - Léarscáil(eanna) de shuíomh an láithreáin (1:10,000); cairteacha (cairt Aimiréalachta, cairt loingseoireachta, srl.). - Teorainneacha/fairsinge suímh an limistéir measúnaithe agus gnéithe cultúrtha agus topagrafacha cóngaracha, lena n-áirítear teorainneacha na forbartha beartaithe, nuair is cuí.

Ábhar riachtanach don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair faoi Uisce ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
	<ul style="list-style-type: none"> - Léarscáil láithreáin le suíomh gach éadail/gné/limistéar spéise léirithe go soiléir agus geoshuite. - Pleananna agus trasghearrthacha de na gnéithe seandálaíochta a tochlaíodh (ar an gceann is lú de, ba chóir go mbeadh aon ghné a luadh sa phríomhthéacs le feiceáil ar phlean den trinse nó de na trinsí tochailte ábhartha ar scála cuí). - Ba chóir go mbeadh a dhóthain mapála stairiúla san áireamh leis an tuairisc chun nádúr claochlaitheach na gcúrsaí uisce thar imeacht ama a léiriú agus chun cabhrú le haon ghné nó struchtúr a aithníodh i gcaitheamh na suirbhéanna a chur i gcomhthéacs nó chun béim a leagan ar an bhféidearthacht go bhféadfaí ábhar nó struchtúir chultúrtha a aimsíodh roimhe seo, ach nach bhfuil lorg orthu os cionn na talún a thuilleadh, a aithint. - Sleachta ábhartha suntasacha ó léarscáileanna agus cairteacha stairiúla nó luatha - Grianghraif roghnaithe de ghnéithe, báid bhriste, ábhar báid bhriste agus réada seandálaíochta in situ. <ul style="list-style-type: none"> • Fótagrafaíocht dhigiteach ardaífigh (fótagram-mhéadracht, más féidir) úsáidte chun taifead a dhéanamh ar thimpeallacht ghinearálta na gcúrsaí uisce, chomh maith leis an mbail atá ar aon ghné nó éadail seandálaíochta, os cionn agus faoi bhun an uisce. • Léaráidí de thopagrafaíocht na habhann/an locha/ghrinneall na farraige i limistéir na suirbhéanna, lena n-áirítear imlínte agus gnéithe den dromchla, a léireofar iad i bplean agus i dtrasghearradh ag na scálaí cuí (1:50 nó 1:20, má cheadaíonn na scálaí a leithéid). • Ba chóir sonraí an tsuirbhé a thairfeadh le TMÉ agus i gcoibhneas le leibhéal taifeadta (sonraí OOP nó a gcomhionann). • Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna léaráidí: <ul style="list-style-type: none"> o Grianghraif roghnaithe faoi uisce de réada suntasacha seandálaíochta a aisghabhadh. o Radhairc ghinearálta fhótagrafacha faoi uisce de shuímh na láithreán agus de thimpeallacht na hoibre. o Radhairc ghinearálta fhótagrafacha faoi uisce de thopagrafaíocht ghrinneall na farraige/na habhann/an locha. • Ba chóir gach líníocht suirbhé a bheith ar chaighdeán foilseacháin.

Tochailtí Trialacha Seandálaíochta agus Tuarascálacha Monatóireachta Seandálaíochta

Déanfaidh Tuarascálacha Tochailtí Trialacha agus Monatóireachta cur síos ar shuíomh, nádúr, dáta, carachtar, méid agus tábhacht aon ghné nó sil-leagain shuntasaigh a aimsíodh nó a dearbhaíodh i dtochailtí trialacha. Beidh tuarascálacha den chineál sin ag teastáil ó aon tochailtí trialacha agus monatóireachta a dhéantar ag cúrsa uisce nó istigh ann (.i. faoi uisce).

Ábhair riachtanacha do Thochailtí Trialacha Seandálaíochta agus Tuarascálacha Monatóireachta Seandálaíochta ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
1. Leathanach Teidil	<ul style="list-style-type: none"> - Ainm an tionscadaí - Uimhir Ceadúnais Seandálaíochta. - Ainmneacha na mbailte fearainn. - Cineálacha láithreáin. - ITM/Cairt Aimiréalachta tagairtí/Tagairtí Domhanleithid agus Fadaimseartha. - Conraitheoir Seandálaíochta. - Sealbhóir ceadúnais/Stiúrthóir tochairte. - Ainm an chaomhnóra conartha a fostaíodh chun comhairle a chur ar fáil agus chun cóir a chur ar réada seandálaíochta. - Údair na tuarascála. - Stádas na tuarascála (dréacht/deireadh). - Dáta eisiithe.
2. Clár Ábhair	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta na n-ábhar. - Liosta na léaráidí.
3. Achoimre	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre neamhtheicniúil atá níos lú ná 1,000 focal.
4. Nótaí Buíochais	<ul style="list-style-type: none"> - Mar is cuí.
5. Réamhrá	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre ghairid ar an scéim. - Topagrafaíocht, geolaíocht, geomoirfeolaíocht agus hidreolaíocht an láithreáin agus an cheantair mháguaird. - Tírdhreach cheantar máguaird an tsuirbhé/an limistéir thochailte, lena n-áirítear ródbhealaí, uiscebhealaí, úsáid talún, úsáid uisce, réada seandálaíochta, séadchomharthaí, báid briste nó foirgnimh stairiúla agus tírdhreacha deartha sa cheantar máguaird.
6. Cur síos ar an láithreán	<ul style="list-style-type: none"> - Suíomh, foirm, toisí agus cineál láithreáin. - Cosaintí reachtúla. - Achoimre ar aon obair sheandálaíochta ábhartha a rinneadh roimhe (ar tír nó faoi uisce) nó aon suirbhé geofisiceach ábhartha (geofisic mhuirí san áireamh) a rinneadh chun críche na seandálaíochta. - Airde, treoíocht, úsáid talún/uisce, topagrafaíocht ghrinnill agus fásra an láithreáin. - Léarscáil/cairt mhionsonraithe gheoshuite a léiríonn suímh gach láithreáin gné/sil-leagain/réada seandálaíochta atá faoi chaibidil.
7. Ráiteas Modha	<ul style="list-style-type: none"> - Aidhmeanna. - Cur síos ar an tseandálaíocht thaifeadta sa limistéar a bheidh faoi thionchar.

Ábhair riachtanacha do Thochailtí Trialacha Seandálaíochta agus Tuarascálacha Monatóireachta Seandálaíochta ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
	<ul style="list-style-type: none"> - Cur síos ar thionchar na forbraíochta ar sheandálaíocht aithnid. - Teicnicí agus modhanna a úsáideadh chun an tuarascáil a chur le chéile, modh tochailte san áireamh. - Achar iomlán na tochailte i méadracha cearnacha agus toirt iomlán an ábhair tochailte i méadracha ciúbacha, chomh cruinn agus is féidir. - Ionchuir agus/nó comhairliúcháin speisialtóirí. - Coinníollacha (m.sh. aimsir, coinníollacha dromchla, coinníollacha san uisce faoin uisce, fásra agus úsáid uisce agus úsáid talún). - Toilithe agus/nó cineálacha ceadúnais eile (m.sh. faoi uisce agus/nó brathadóireacht miotail).
8. Torthaí	<ul style="list-style-type: none"> - Suíomh na gclaiseanna/dtrinsí tástála agus achoimre ghairid ar a raibh iontu. - Forbhreathnú ar shuíomh, ar charachtar, ar léirmhíniú agus ar thábhacht aon ghnéithe a aimsíodh, arna n-eagrú de réir chineál láithreáin/gné/déantáin agus nó grúpa (is é sin, gnéithe gaolmhara amhail báid bhriste agus réada seandálaíochta gaolmhara) agus/nó Céim (is é sin, gnéithe a tharlaíonn laistigh de léaslíne stratagrafaíochta amháin) agus/nó tréimhse (nuair is eol). - Léarscáil/cairt mhionsonraithe gheoshuite a léiríonn suímh gach láithreáin/gné sil-leagain/réada seandálaíochta atá faoi chaibidil. - Seicheamh stratagrafach le comhthéacsanna uimhrithe agus achoimre bheag ar gach sraith/gné in éineacht le toisí agus grianghraif léirmhínitheacha leordhóthanacha. - Leibhéal uachtair agus íochtair na sil-leagan seandálaíochta i gcoibhneas le TO. - Líon agus cineál na n-éadálacha a aisghabhadh.
9. Catalóg na Réad Seandálaíochta	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil mionsonraithe de réada seandálaíochta a aisghabhtar trí fhaireachán tochailte nó seandálaíochta (lena n-áirítear faireachán ar oibreacha dreidireachta agus measúnú gaolmhar ar chartadh dreideáilte) ar chaighdeán AMÉ, chun toisí, fabraic, cineál agus riocht gach réada a chur san áireamh, agus ráitis ábhartha eile (amhail riachtanais chaomhnaithe), léirithe, de réir mar is gá; speiceas a aithint más ábhartha. - an seoladh ina bhfuil na déantáin agus an taifead tochailte á gcoinneáil.
10. Anailísí speisialtóra	<ul style="list-style-type: none"> - Ionchuir ó speisialtóirí ar anailís ar ábhair, samplaí nó cnuasaigh na réad seandálaíochta, lena n-áirítear anailís dátaithe le léaráidí agus táblaí tacaíochta más cuí. - Má tógadh samplaí, ba chóir anailís a dhéanamh orthu seo, ba cheart fianaise dhátú a fháil, más féidir, agus ba cheart torthaí an chéanna a chur san áireamh sa Tuarascáil.
11. Plé	<ul style="list-style-type: none"> - Plé léirmhínitheach ar thorthaí na tochailte tástála/na monatóireachta seandálaíochta – a chuireann léirmhínithe féideartha eile san áireamh más cuí; a chuireann anailísí speisialtóirí agus eolas stairiúil san áireamh, má bhíonn siad ar fáil; agus a chuireann na torthaí i gcomparáid le láithreáin seandálaíochta agus réada seandálaíochta comhchosúla nó gaolmhara.
12. Tábhacht	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas ar thábhacht choibhneasta (Ard, Meánach, Íseal) na ngnéithe láithreán seandálaíochta aitheanta. Ba chóir go n-áireofaí leis seo ráiteas ar thábhacht choibhneasta (Ard, Meánach, Íseal) na réad seandálaíochta aitheanta ó mhonatóireacht a dhéanamh ar oibreacha agus cartadh dreideáilte.
13. Tionchair agus Moltaí	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas faoi na tionchair (díreacha nó indíreacha) a bheidh ag an bhforbraíocht bheartaithe ar ghnéithe nó sil-leagain seandálaíochta a ndearnadh cur síos orthu sa tuarascáil. Moltaí beartaithe chun na tionchair aitheanta a mhaolú; athruithe ar hidreolaíocht de bharr oibreacha beartaithe; tionchair ó thonnchreathanna; gluaiseachtaí gléasra agus innealra, agus mar sin de.

Ábhair riachtanacha do Thochailtí Trialacha Seandálaíochta agus Tuarascálacha Monatóireachta Seandálaíochta ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
14. Fardal	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil de ghnéithe/láithreáin aitheanta (amhail láithreán raice) agus/nó réada seandálaíochta a aisghabhtar agus lena n-áirítear iad siúd a aisghabhtar ó mhonatóireacht a dhéanamh ar oibreacha dreidireachta agus measúnú ar chartadh dreideáilte. Ba chóir go n-áireofaí leis seo faisnéis maidir le fabraic, foirm, toisí agus caidrimh gach gné/láithreáin tochailte, agus ba cheart go n-áireofaí ann freisin aon samplaí nó réada seandálaíochta a bhaineann leis an ngné/láithreán..
15. Leabharliosta	<ul style="list-style-type: none"> - Tagairtí do gach léarscáil, agus do gach téacs foilsithe/lámhscríbhíne nó atá i gcló ar tagraíodh dóibh sa tuarascáil.
16 Aguisíní	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta gnéithe/láithreán, le crostagairtí do réada agus samplaí. - Liosta pleananna/grianghraf le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. - Liosta samplaí pailéithimpeallachta le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. - Liosta réad seandálaíochta le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin agus/nó a aisghabhadh le monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha dreidireachta. - Liosta na dtuarascálacha speisialtóra atá ceangailte le gnéithe/láithreáin.
17 Léaráidí	<ul style="list-style-type: none"> - Léarscáil(eanna) de shuíomh an láithreáin (1:10,000) nó cairteacha Aimiréalachta ábhartha, má bhíonn siad ar fáil. - Plean ar limistéir na dtochailtí trialacha agus gnéithe topagrafacha in aice láimhe, lena n-áirítear teorainneacha na forbraíochta beartaithe, más cuí. - Pleananna agus trasghearrthacha de na gnéithe/láithreáin seandálaíochta aitheanta a tochlaíodh i dtaca leis an bhforbraíocht bheartaithe (ar an gcuid is lú de, ba chóir go mbeadh aon ghné/suíomh a luadh sa phríomhthéacs le feiceáil ar phlean den trinse nó de na trinsí tochailte ábhartha ar scála cuí). - Léiriú scéimreach ar aon chaidreamh casta stratagrafaíochta (mar shampla "Harris Matrix") curtha in eagar (is é sin, bandáilte) ag Céim stratagrafaíochta le gach Céim agus na príomhghnéithe nó na príomhghrúpaí gnéithe lipéadaithe go léir. Ba chóir an trasghearradh trinse a tharraingt de réir phrionsabail an dea-chleachtais, agus ba chóir go mbeadh na trinsí mór a dhóthain le gur féidir leis an seandálaí an méid seo a dhéanamh. - Sleachta ábhartha suntasacha ó léarscáileanna agus/nó cairteacha stairiúla nó luatha. - Ba cheart taifead grianghrafadóireachta iomlán den nós imeachta tástála a chur san áireamh sa Tuarascáil agus, mura bhféadfaí líníocht mhionsonraithe a dhéanamh, ba cheart na cúiseanna ar chóir a lua. - Grianghraif roghnaithe (grianghraif faoi uisce, más ábhartha) de ghnéithe láithreáin tochailte shuntasacha. - Grianghraif roghnaithe (grianghraif faoi uisce, más ábhartha) de réada suntasacha seandálaíochta. - Radhairc fhótagrafacha ghinearálta (radhairc fhótagrafacha faoi uisce, más ábhartha) ar dhul chun cinn agus ar thimpeallacht na hoibre. - Ba chóir go mbeadh gach plean agus líníocht trasghearrtha de cháilíocht leordhóthanach le go gcabhródh siad le daoine tuiscint a fháil ar a aithníodh.

Tuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte

Is í aidhm na Tuarascála/na dTuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte ná pictiúr soiléir a sholáthar de na hanailísí, den léirmhíniú agus den scaipeadh iarthochailte a bheidh mar chuid de na Seirbhísí Iarthochailte.

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
1. Leathanach teidil	<ul style="list-style-type: none"> - Ainm an tionscadail. - Uimhir/Uimhreacha Ceadúnais Seandálaíochta (d'fhéadfadh Ceadúnas Tochailte, Tumadóireachta, Feiste Braite, Ceadúnas chun Réada a Athrú, agus Ceadúnas chun Réada a Easpórtáil a bheith san áireamh anseo). - Ainmneacha na mbailte fearainn. - Cineálacha láithreáin. - ITM/Cairt Aimiréalachta tagairtí/Tagairtí Domhanleithid agus Fadaimseartha. - Slabhraí. - Conraitheoir Seandálaíochta. - Sealbhóir ceadúnais/Stiúrthóir tochailte. - Údair na tuarascála. - Stádas na tuarascála (dréacht/deireadh). - Dáta eisithe.
2. Clár Ábhair	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta na n-ábhar. - Liosta na léaráidí.
3. Achoimre	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre neamhtheicniúil atá níos lú ná 1,000 focal..
4. Réamhrá	<ul style="list-style-type: none"> - An cúlra pleanála/cur síos ar an bhforbraíocht atá beartaithe. - Sonraí faoi na Toilithe/Treoracha / Ceadúnais Eile. - Sonraí faoi shuíomh an láithreáin (Ba chóir tagairtí TMÉ agus Tagairtí Domhanfhaid/Domhanleithid a bheith in éineacht le hÍomhánna). - Aidhmeanna agus cuspóirí. - Dátaí tosaithe agus críochnaithe na tochailte.
5. Cur síos ar an láithreán	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas achomair faoi shuíomh, gnéithe agus méid an láithreáin tochailte, in éineacht le hachomre ghairid ar na gnéithe, láithreáin agus réada seandálaíochta tochailte.
6. Torthaí	<ul style="list-style-type: none"> - Tuairisc Stratagrafach ar an láithreán tochailte le réamhachomre léirmhínitheach ar: - Chéimniú - Seicheamh stratagrafach le comhthéacsanna uimhrithe Achomre ar gach sraith/gné in éineacht le toisí agus grianghraif léirmhínitheacha leordhóthanacha. - Leibhéal uachtair agus íochtair na sil-leagan seandálaíochta i gcoibhneas le TO. - Líon agus cineál na n-éadálacha a aisghabhadh. - Más báid bhriste nó láithreáin seandálaíochta faoi uisce eile atá i gceist, tabhair réamhachomre léirmhínitheach ar an láithreán tochailte. - Achomre ar chéimeanna na tochailte. - Tagairt do phríomhghnéithe seandálaíochta agus do réada seandálaíochta suntasacha. - Léarscáil/cairt mhionsonraithe gheoshuite a léiríonn suímh gach láithreáin/gné/sil-leagain atá faoi chaibidil.

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
7. Catalóg na Réad Seandálaíochta	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil mionsonraithe ar réada seandálaíochta a aisghabhadh leis an tochailt, a dtoisí, a ndéanamh, a gcineál, agus a mbail, agus tráchtanna ábhartha eile (m.sh. riachtanais chaomhnaithe) san áireamh.)
8. Clár Timpeallachta	<ul style="list-style-type: none"> - Tábla samplaí pailéithimpeallachta le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. - Tábla samplaí timpeallachta le crostagairtí do ghnéithe/comhthéacsanna m.sh. torthaí anailíse ar shamplaí ó tholladóir mara, srl. - Tábla samplaí dátaithe le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin.
9. Clár na nÉadálacha	<ul style="list-style-type: none"> - Tábla réad seandálaíochta le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. An seoladh ina bhfuil na déantáin agus an taifead tochailte á gcoinneáil.
10. Moltaí Dátaithe	<ul style="list-style-type: none"> - Clár radacarbóin/dátú eolaíoch atá beartaithe, lena n-áirítear achoimre ar na cúiseanna atá le samplaí sonracha dátaithe. - Torthaí deindreacrineolaíochta atá beartaithe, le crostagairtí do ghnéithe comhthéacsanna.
11. Plé	<ul style="list-style-type: none"> - Réamhphlé ar thorthaí na tochailte – a chuireann léirmhínte féideartha eile san áireamh más cuí; a chuireann anailísí speisialtóirí agus eolas stairiúil san áireamh, má bhíonn siad ar fáil; agus a chuireann na torthaí i gcomparáid le láithreáin seandálaíochta chomhchosúla nó ghaolmhara.
12. Tábhacht	<ul style="list-style-type: none"> - Réamhráiteas ar thábhacht choibhneasta (Ard, Meánach, Íseal) na ngnéithe láithreán seandálaíochta taifeadta.
13. Fardal	<ul style="list-style-type: none"> - Réamhfhardal tuairisciúil ar ghnéithe tochailte agus/nó ar réada seandálaíochta. Ba chóir go gclúdódh sé seo eolas ar dhéanamh, cruth, toisí agus ceangail gach gné agus/nó réada seandálaíochta a tochlaíodh, agus ba chóir dó aon sampla nó réad seandálaíochta atá ceangailte leis an ngné a mhiondealú.
14. Aguisíní	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta gnéithe/láithreán, le crostagairtí do réada agus samplaí. - Liosta pleananna/grianghraf le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. - Liosta thaifid an láithreáin (agus suíomh na cartlainne).
15. Léaráidí	<ul style="list-style-type: none"> - Léarscáileanna de shuíomh an láithreáin (1:10,000) nó cairteacha ábhartha. - Plean ar limistéir an tsuirbhé agus na tochailte agus ar ghnéithe topagrafacha in aice leo, lena n-áirítear teorainneacha na scéime oibreacha atá beartaithe más cuí (1:100 – 1:500 más cuí). - Pleananna agus trasghearrthacha de na gnéithe seandálaíochta a tochlaíodh (ar an gceann is lú de, ba chóir go mbeadh aon ghné a luadh sa phríomhthéacs le feiceáil ar phlean den trinse nó de na trinsí tochailte ábhartha ar scála cuí). Sa chás go n-áirítear leis seo láithreáin atá faoi uisce, ba cheart an ghné/láithreán a gheothgairt agus a fhorshuiteáil ar limistéir ábhartha na scéime oibreacha beartaithe chun suíomh agus méid na gné/an láithreáin a léiriú go soiléir. - Léiriú scéimreach ar aon chaidreamh casta stratagrafaíochta (mar shampla “Harris Matrix”) curtha in eagar (is é sin, bandáilte) ag Céim stratagrafaíochta le gach Céim agus na príomhghnéithe nó na príomhghrúpaí gnéithe lipéadaithe go léir. - Sleachta ábhartha suntasacha ó léarscáileanna nó cairteacha stairiúla nó luatha. - Ba chóir taifead iomlán fótagrafaíochta den nós tochailte a bheith mar chuid den tuarascáil. - Grianghraif roghnaithe (lena n-áirítear grianghraif faoi uisce, nuair is infheidhme) de ghnéithe/láithreáin shuntasacha tochailte, chun grianghraif faoi uisce a chur san áireamh.

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Measúnachta Réamhthochailte ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
	<ul style="list-style-type: none"> - Grianghraif roghnaithe (grianghraif faoi uisce, más ábhartha) de réada suntasacha seandálaíochta. - Radhairc fhótagrafacha ghinearálta (radhairc fhótagrafacha faoi uisce, más ábhartha) ar dhul chun cinn agus ar thimpeallacht na hoibre.
16. Plean/Moladh don	<ul style="list-style-type: none"> - Clár chun Seirbhísí Iarthochailte a chur i gcrích. - Tascanna atá le déanamh tar éis tochailte, chun díbhinn taighde na tochailte a uasmhéadú. - Fáthanna ar roghnaíodh na tascanna seo (m.sh. ceist taighde nó riachtanas caomhnaithe). - Liosta na mball atá ar an bhfoireann iarthochailte. - Ráiteas faoi na freagrachtaí atá ag gach ball den fhoireann iarthochailte. - Suíomh na réad seandálaíochta, samplaí nó ábhar eile a aisghabhadh leis an tochailt, le monatóireacht seandálaíochta nó le measúnacht seandálaíochta ar chartadh dreidireachta. - Modhanna aon anailísí nó oibre caomhnaithe atá beartaithe. - Riachtanais cheadúnaithe AMÉ chun réada seandálaíochta a anailísiú nó a chaomhnú. - Fad agus dátaí deiridh gach gné den obair iarthochailte atá beartaithe. - Tábla achomair de gach rud a luadh thuas, an tuarascáil deiridh agus an chéim fhoilsithe san áireamh, agus i gcás gach tasc, an mhír, an ball foirne speisialtóir, an dáta tosaithe agus an dáta deiridh a lua.
17. Feasachán Tochailtí	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre le cur isteach sa ghasaitéar <i>Feasachán Tochailtí</i>.
18. Plean Foilsithe agus	<ul style="list-style-type: none"> - Plean achomair agus clár chun torthaí a fhoilsiú ina sonraítear raon feidhme, fad, ábhar, údar, agus áit nó meán foilsithe an aschuir riachtanach. Ba chóir go mbeadh tábla achomair in éineacht leis an bplean, a leagann amach liosta de na príomhúdair agus d'údair eile atá ag scríobh dó, na rannóga/teidil chaibidle atá acu, agus líon measta na bhfocal, na dtáblaí, na bhfíoracha agus na bplátaí atá le húsáid i ngach rannóg/caibidil. Ainmniú an Chomhairleora Acadúil bheartaithe le cur in iúl don Údarás Conarthach.

Tuarascálacha Tochailte Deiridh

Is í an Tuarascáil Tochailte Deiridh an Tuarascáil deiridh, léirithe do gach láithreán tochailte ina sonraítear torthaí measúnuithe agus tochailtí, agus ina bhfuil anailísí, plé agus léirmhíniú.

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Deiridh Tochailte

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
1. Leathanach teidil	<ul style="list-style-type: none"> - Ainm an tionscadail. - Uimhir/Uimhreacha Ceadúnais Seandálaíochta (d'fhéadfadh Ceadúnas Tochailte, Tumadóireachta, Feiste Braite, Ceadúnas chun Réada a Athrú, agus Ceadúnas chun Réada a Easpórtáil a bheith san áireamh anseo). - Ainmneacha na mbailte fearainn. - Cineál an tsuímh - Tagairt eangaí ITM nó Domhanleithead agus Fadaimseartha más amach ón gcósta (mar shampla WGS84), - Slabhraí. - Conraitheoir Seandálaíochta. - Sealbhóir/Stiúrthóir Ceadúnais Tochailte. - Údair na tuarascála. - Stádas na tuarascála (dréacht/deireadh). - Dáta eisithe.
2. Clár Ábhair	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta na n-ábhar. - Liosta na léaráidí. - Aguisíní.
3. Achoimre	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre neamhtheicniúil atá níos lú ná 1,000 focal atá oiriúnach d'fhoilseachán aonair, mar chuid d'alt tréimhseacháin nó mar chuid de chaibidil mhonagraif nó mar rannóg in aon mhonagraf a thiocfaidh amach, a dhéanann cur síos ar na himscrúduithe seandálaíochta ar fad a rinneadh mar chuid den scéim (seandálaíocht ar tír agus faoi uisce san áireamh).
4. Nótaí Buíochais	<ul style="list-style-type: none"> - Mar is cuí.
5. Réamhrá	<ul style="list-style-type: none"> - Achoimre ghairid ar an scéim. - Topagrafaíocht, geolaíocht, geomoirfeolaíocht agus hidreolaíocht an láithreáin agus an cheantair mháguaird. - Comhthéacs i dtéarmaí séadchomharthaí comharsanachta, oidhreacht chultúrtha faoi uisce agus dáileadh agus nádúr réad seandálaíochta áitiúil, agus comhthéacs taighde. - Tírdhreach cultúrtha (trastíre agus faoi uisce) agus comhthéacs taighde na gceantar suirbhéireachta/tochailte, lena n-áirítear bealaí, uiscebhealaí, úsáid uisce, úsáid talún, réada agus séadchomharthaí seandálaíochta, báid bhriste nó foirgnimh stairiúla, agus tírdhreacha deartha sa cheantar máguaird. - Cúlra stairiúil (nuair is cuí), ceisteanna taighde a dtugann an tochailt aghaidh orthu.
6. Cur síos ar an láithreán	<ul style="list-style-type: none"> - Ráiteas gairid ar shuíomh, carachtar, doimhneacht agus méid an láithreáin tochailte, mar aon le cur síos achomair ar na gnéithe tochailte. - Cosaintí agus ceanglais reachtúla (lena n-áirítear reachtaíocht a bhaineann go díreach le cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce, amhail Acht Séadchomharthaí Náisiúnta 1987 agus 1994 (Leasú.); An Coinbhinsiún maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce de chuid UNESCO; An tAcht Loingis Cheannaíochta 1993 (Tarrthálas agus Raic).

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Deiridh Tochailte ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
<p>7. Torthaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Forbhreathnú ar shuíomh, carachtar, léirmhíniú agus tábhacht aon ghnéithe nó láithreáin (lena n-áirítear báid bhriste) a aimsíodh, arna n-eagrú de réir gné/cineál láithreáin agus/nó grúpa (is é sin, gnéithe gaolmhara) agus/nó céim (is é sin, gnéithe a tharlaíonn laistigh de léaslíne stratagrafaíochta amháin) agus/nó tréimhse (nuair is eol). - Cur síos ar an modheolaíocht tochailte, lena n-áirítear straitéisí aisghabhála agus samplála éadálacha agus na cúiseanna ar roghnaíodh straitéisí ar leith. Ba chóir go mbeadh cur síos mionsonraithe ar gach comhthéacs a aithníonn ceangail stratagrafacha ann. - Cur síos iomlán inste ar an tochailt, le hachóimre ar stratagrafaíocht an láithreáin. - Seicheamh stratagrafaíochta le comhthéacsanna uimhrithe agus cur síos ar gach sraith/gné le toisí agus grianghraif mhíniúcháin leordhóthanacha, fianaise dhátú. -Leibhéal uachtair agus íochtair na síl-leagan seandálaíochta i gcoibhneas le TO. Líon agus cineál na n-éadálacha a aisghabhadh. - Sa chás go bhfuil an ghné/láithreán faoi uisce, cur síos iomlán insinte ar an tochailt in-uisce/faoi uisce, lena n-áirítear achoimre ar nádúr agus ar mhéid an láithreáin, stratagrafaíocht an láithreáin, nuair atá sé i láthair, eilimintí láithreáin (mar shampla cineál raice), a thuairiscítear in ord tíopeolaíoch, ord croineolaíoch, nuair is féidir, agus ag tosú leis na céimeanna is luaithe. Ba cheart gach céim den láithreán, lena n-áirítear léirmhíniú ar na céimeanna seo, a léiriú agus ba cheart cur síos agus léirmhíniú a dhéanamh ar gach gné den láithreán (mar shampla láithreán raice) bunaithe ar gach gné den láithreán a taifeadadh agus a thochailt. - Ba cheart go mbeadh comhthéacs taighde áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus, nuair is cuí, comhthéacsanna idirnáisiúnta san áireamh sa phlé ar gach suíomh. Ba cheart go n-áireofaí sa phlé ar an suíomh comhtháthú thorthaí Tuarascálacha speisialaithe, nach mór a chrostagairt do na hAguisíní freisin. - Déanfaidh torthaí aon obair seandálaíochta (faoi uisce san áireamh) nó aon obair suirbhéireachta geoifisice (geoifisic mhuirí san áireamh) a rinneadh chun críche na seandálaíochta eolas don phlé. - Plé ar ghnéithe den láithreán i ndiaidh tochailte m.sh, réada seandálaíochta ar leith, gnéithe, srl. a thugann eolas níos iomláine faoin suíomh. - Bail an láithreáin tar éis tochailte agus a chaomhnú.
<p>8. Catalóg na Réad Seandálaíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil mionsonraithe de réada seandálaíochta (de réir chaighdeáin AMÉ) arna n-aisghabháil ag an tochailt, lena n-áirítear toisí, fabraic, cineál agus riocht gach réada, agus ráitis ábhartha eile (amhail riachtanais chaomhnaithe), le tacaíocht ó léaráidí agus grianghraif. Tá sé seo le bheith bunaithe ar thorthaí anailíse speisialaithe; agus ba cheart seoladh an ghabháil le haghaidh déantán agus taifead tochailte a chur san áireamh.
<p>9. Anailísí speisialtóra</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Ranniocaíochtaí agus Tuarascálacha ó speisialtóirí maidir le hanailísí ar ábhair nó ar shamplaí nó ar chóimeáil réad seandálaíochta le léaráidí agus táblaí tacaíochta, de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh a hachóimre neamhtheicniúil féin agus ráiteas suntasach mar aon le catalóga faoi seach do gach ceann acu, de réir chaighdeáin AMÉ, ag gach Tuarascáil speisialaithe.
<p>10. Plé</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Plé léirmhínitheach ar thorthaí na tochailte ina gcomhthéacs taighde foriomlán; a chuireann roghanna léirmhínithe eile san áireamh, más cuí; a chuireann anailísí na speisialtóirí agus faisnéis stairiúil agus chartagrafach san áireamh, más ann dóibh agus más ábhartha; agus a chuireann na torthaí i gcomparáid le láithreáin seandálaíochta chomhchosúla nó ghaolmhara. - Ba cheart go n-áireofaí sa phlé ar gach láithreán comhthéacs taighde áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus, nuair is cuí, comhthéacsanna idirnáisiúnta agus breithniú ar an gcaoi a gcomhcheanglaíonn an fhianaise shéadchomhartha agus déantúsán tuiscint ar sheandálaíocht an cheantair lena mbaineann agus ar an méid a chuireann sí le taighde seandálaíochta. Ba cheart go n-áireofaí sa phlé ar an suíomh comhtháthú thorthaí Tuarascálacha speisialaithe, nach mór a chrostagairt do na hAguisíní freisin.

Ábhair riachtanacha do Thuarascálacha Deiridh Tochailte ar lean

Rannóg na tuarascála	Clár Ábhair
11. Fardal	<ul style="list-style-type: none"> - Fardal tuairisciúil ar na gnéithe tochailte. Ba chóir go n-áireofaí leis seo faisnéis maidir le fabraic, foirm, toisí agus caidrimh gach gné tochailte, agus ba cheart go n-áireofaí ann freisin aon samplaí nó réada seandálaíochta a bhaineann leis an ngné. - Radharc táblach de gach gné, báid bhriste, ábhar báid bhriste agus/nó réad seandálaíochta a aithníodh, in éineacht leis na suímh ghaolmhara. Ba chóir sonraí faoi na suímh a thabhairt i bhfoirm sonraí geoshuite i nDomhanfhad agus Domhanleithead (WGS1984) agus/nó i gcórais chomhordanáideacha TMÉ. Ba chóir go gclúdódh sé gach ábhar a aisghabhadh le monatóireacht seandálaíochta ar oibreacha dreidireachta agus le measúnacht ar ábhar dreidireachta.
12. Leabharliosta	<ul style="list-style-type: none"> - Tagairtí do gach léarscáil agus/nó cairt, nó do gach téacs foilsithe lámhscríbhinne nó atá i gcló ar tagraíodh dóibh sa tuarascáil.
13. Gluais	<ul style="list-style-type: none"> - Ba chóir téarmaí teicniúla agus doiléire a sheachaint, más féidir, nó ar a laghad iad a mhíniú de réir mar a thagann siad chun cinn sa téacs. É sin ráite, seans go mbeadh sé cabhrach gluais téarmaí teicniúla nó doiléire a chur leis an tuarascáil, go háirithe sna háiteanna ina bhfuil ionchuir speisialtóirí le feiceáil. Bheadh sé seo an-ábhartha agus láithreán báid bhriste nó ábhar báid bhriste faoi chaibidil.
14. Aguisíní	<ul style="list-style-type: none"> - Liosta gnéithe/láithreán, le crostagairtí do réada agus samplaí. - Liosta pleananna/grianghraf le crostagairtí do ghnéithe/láithreáin. Sraith iomlán pleananna ón láithreán (i bhformáid dhigiteach) is féidir a chló i bhfoirm lánsála. - Clár Timpeallachta: Liosta de shamplaí palaeo-comhshaoil, cnámh ainmhithe tras-tagartha le gnéithe. - Clár Dátaithe: liosta de dhátú radacarbóin / eolaíoch agus / nó samplaí dhátú deindreacrineolaíochta tras-tagartha le gnéithe. - Clár na nÉadálacha: liosta réad seandálaíochta le crostagairtí do ghnéithe láithreáin. - Liosta thaifid an láithreáin, chomh maith le grianghraif, píosaí scannánaíochta, an phríomhchartlann agus suíomh. Tacar iomlán grianghraf de thochailt an láithreáin i bhfoirm dhigiteach.
15. Léaráidí	<ul style="list-style-type: none"> - Léarscáil(eanna) de shuíomh an láithreáin (1:10,000); cairteacha (ar nós cairteacha Aimiréalachta) - Plean ar limistéir an tsuirbhé agus na tochailte agus ar ghnéithe topagrafacha in aice leo, lena n-áirítear teorainneacha na scéime oibreacha atá beartaithe más cuí (1:100 – 1:500, más cuí). - Pleananna agus trasghearrthacha de na gnéithe seandálaíochta a tochlaíodh (ar an gceann is lú de, ba chóir go mbeadh aon ghné a luadh sa príomhthéacs le feiceáil ar phlean den trinse nó de na trinsí tochailte ábhartha ar scála cuí). - Léiriú scéimreach ar aon chaidreamh casta stratagrafaíochta (mar shampla "Harris Matrix") curtha in eagar (is é sin, bandáilte) ag Céim stratagrafaíochta le gach Céim agus na príomhghnéithe nó na príomhghrúpaí gnéithe lipéadaithe go léir. - Sleachta ábhartha suntasacha ó léarscáileanna agus/nó cairteacha stairiúla nó luatha. - Grianghraif roghnaithe (grianghraif faoi uisce, más ábhartha) de ghnéithe láithreáin tochailte shuntasacha. - Ba chóir taifead grianghráfadóireachta iomlán den nós imeachta tochailte a chur san áireamh sa Tuarascáil agus, mura bhféadfaí líníocht mhionsonraithe a dhéanamh, na cúiseanna ar chóir iad a lua. - Grianghraif roghnaithe (grianghraif faoi uisce, más ábhartha) de réada suntasacha seandálaíochta. - Radhairc fhótagrafacha ghinearálta (radhairc fhótagrafacha faoi uisce, más ábhartha) ar dhul chun cinn agus ar thimpeallacht na hoibre.

Riachtanais Scaipthe

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith mar chuid de scóip an scaipthe:

Scaipeadh

Léachtaí poiblí faoi thorthaí na n-imscrúduithe seandálaíochta nó gné díobh.

Alt i bhfoilseachán mór-ráchairte faoi thorthaí na n-imscrúduithe seandálaíochta nó gné díobh.

Alt piarmheasúnaithe i bhfoilseachán acadúil nó monagraf acadúil. Ar a laghad, ba cheart gur páipéar léirithe é seo ina leagtar amach torthaí na n-imscrúduithe seandálaíochta agus rannchuidiú le taighde, le cur i láthair na bpríomhshonraí, lena n-áirítear foirm agus feidhm an láithreáin, dáta, fianaise déantáin agus comhshaoil. Sa chás go bhfuil beirt Sealbhóirí Ceadúnais i gceist, is é sin, an Conraitheoir Seandálaíochta agus an seandálaí a thug faoi obair ar leith (amhail suirbhé agus tochailt faoi uisce), chaitheáil comhaontú a dhéanamh ar údar agus ar chineál an fhoilseacháin.

